CINNEADH Uimh. 4. ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL IDIR AN CHÓIRÉ AGUS AN tAONTAS EORPACH

an 30 Samhain 2022

maidir leis an leasú ar Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (2022/2551)

TÁ AN COISTE UM THRÁDÁIL,

Ag féachaint don Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagail 10.24.1, 10.25.1, 10.25.3, 15.1.4(c) agus 15.5.2 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 15.1.4(c) den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile ([1]) ("an Comhaontú"), féadfaidh an Coiste um Thrádáil leasuithe ar an gComhaontú a bhreithniú nó forálacha an Chomhaontaithe a leasú i gcásanna dá bhforáiltear go sonrach sa Chomhaontú.

(2) Le hAirteagal 15.5.2 den Chomhaontú, foráiltear gur féidir leis na Páirtithe cinneadh ón gCoiste um Thrádáil a ghlacadh chun na hIarscríbhinní, na Foscríbhinní, na Prótacail agus na Nótaí a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, faoi réir a gcuid ceanglas agus nósanna imeachta dlí féin is infheidhme.

(3) Le hAirteagal 10.24.1 den Chomhaontú, ceadaítear do na Páirtithe tásca geografacha atá le cosaint a chur le hIarscríbhinní 10-A agus 10-B i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 10.25.

(4) De bhun Airteagal 10.25.1 den Chomhaontú, féadfaidh an Mheitheal um Thásca Geografacha ("an Mheitheal") moltaí a dhéanamh agus cinntí a ghlacadh de chomhthoil.

(5) De bhun Airteagal 10.25.3 den Chomhaontú, féadfaidh an Mheitheal cinneadh a dhéanamh Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a mhodhnú chun tásca geografacha aonair de chuid an Aontais nó de chuid na Cóiré a chur leo nó chun tásca geografacha aonair a bhaint ar tásca iad nach bhfuil cosanta ag an bPáirtí tionscnaimh a thuilleadh nó nach gcomhlíonann na coinníollacha chun iad a mheas mar thásca geografacha sa Pháirtí eile. Féadfaidh sé a chinneadh freisin gur cheart tagairt do reachtaíocht sa Chomhaontú a mheas mar thagairt don reachtaíocht sin arna leasú agus arna hionadú agus atá i bhfeidhm ar dháta áirithe tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

(6) De bhun Airteagal 5.2 de Chinneadh Uimh. 1/2019 ón Meitheal um Thásca Geografacha idir an tAontas agus an Chóiré an 17 Meán Fómhair 2019 a bhaineann le glacadh a rialacha nós imeachta ("rialacha nós imeachta"), féadfaidh an Mheitheal cinneadh a dhéanamh de chomhthoil go molfar tásca geografacha a chur isteach nó a bhaint le haghaidh cinntí críochnaitheacha sa Choiste um Thrádáil i gcomhréir le hAirteagal 10.21.4, Airteagal 10.24 agus Airteagal 10.25 den Chomhaontú.

(7) De bhun Airteagal 5.3 de na rialacha nós imeachta ina ndéantar tagairt d'Airteagail 15.3.5 agus 15.5.2 den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste um Thrádáil dul i mbun an chúraim a leagtar ar an Meitheal um Thásca Geografacha agus cinneadh a dhéanamh Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a mhodhnú agus féadfaidh na Páirtithe an cinneadh a ghlacadh faoi réir a gcuid ceanglas agus nósanna imeachta dlí féin is infheidhme.

(8) Agus Airteagal 10.25.3(c) den Chomhaontú á chur i bhfeidhm, dhearbhaigh na Páirtithe na hábhair seo a leanas a bhaineann le tagairtí do reachtaíocht sa Chomhaontú:

(a) An 17 Aibreán 2019, maidir le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle ([2]) dá dtagraítear i bhForoinn C "Tásca Geografacha" den Chomhaontú, aisghaireadh é le Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú

([1]) IO L 127, 14.5.2011, lch. 1.
([2]) IO L 39, 13.2.2008, lch. 16.

deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ([3]). Dá bhrí sin, ba cheart tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 sa Chomhaontú a mheas mar thagairt do Rialachán (AE) 2019/787.

(b) An 21 Samhain 2012 aisghaireadh Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 ón gComhairle an 20 Márta 2006 maidir le tásca geografacha agus ainmniúcháin tionscnaimh do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair a chosaint ([4]) dá dtagraítear i bhForoinn C "Tásca Geografacha" le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([5]). Dá bhrí sin, ba cheart tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 sa Chomhaontú a mheas mar thagairt do Rialachán (AE) 1151/2012.

(c) An 26 Feabhra 2014 maidir le Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle an 10 Meitheamh 1991 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le sainmhíniú, tuairisciú agus cur i láthair fíonta cumhraithe, deochanna bunaithe ar fhíon cumhraithe agus manglaim táirgí fíonta cumhraithe ([6]) dá dtagraítear i bhForoinn C "Tásca Geografacha", aisghaireadh é le Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach i ndáil le táirgí fíonta cumhraithe agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle ([7]). Dá bhrí sin, ba cheart tagairt do Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 sa Chomhaontú a mheas mar thagairt do Rialachán (AE) Uimh. 251/2014.

(d) An 29 Aibreán 2008 aisghaireadh Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagrú mhargadh an fhíona ([8]) dá dtagraítear i bhForoinn C "Tásca Geografacha" le Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 ón gComhairle an 29 Aibreán 2008 maidir le comheagrú mhargadh an fhíona, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1493/1999, (CE) Uimh. 1782/2003, (CE) Uimh. 1290/2005, (CE) Uimh. 3/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2392/86 agus (CE) Uimh. 1493/1999. Rinneadh an Rialachán deiridh a aisghairm le Rialachán (CE) Uimh. 491/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 lena mbunaítear comheagrú na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i leith táirgí talmhaíochta áirithe (an Rialachán maidir le CEM Aonair) ([9]) agus rinneadh a fhorálacha a chomhtháthú i Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i leith táirgí talmhaíochta áirithe (an Rialachán maidir le CEM Aonair) ([10]). Dá bhrí sin, ba cheart tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 sa Chomhaontú a mheas mar thagairt do Rialachán (CE) Uimh. 491/2009.

(e) An 17 Nollaig 2013 aisghaireadh Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle dá dtagraítear i bhForoinn C "Tásca Geografacha" le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([11]). Dá bhrí sin, ba cheart tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 sa Chomhaontú a mheas mar thagairt do Rialachán (AE) 1308/2013.

(f) Leasaíodh Acht um Rialú Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta na Cóiré (Acht Uimh. 9759, 9 Meitheamh, 2009) dá dtagraítear i bhForoinn C "Tásca Geografacha". An 21 Nollaig 2021 cuireadh an tAcht um Rialú Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta agus Iascaigh (Acht Uimh. 18599, 21 Nollaig, 2021) i bhfeidhm ([12]). Dá bhrí sin, ba cheart tagairt don Acht um Rialú Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta (Acht Uimh. 9759, 9 Meitheamh, 2009) sa Chomhaontú a mheas mar thagairt don Acht um Rialú Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta agus Iascaigh (Acht Uimh. 18599, 21 Nollaig, 2021).

([3]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 1.
([4]) IO L 93, 31.3.2006, lch. 12.
([5]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([6]) IO L 149, 14.6.1991, lch. 1.
([7]) IO L 84, 20.3.2014, lch. 14.
([8]) IO L 179, 14.7.1999, lch. 1.
([9]) IO L 154, 17.6.2009, lch. 1.
([10]) IO L 299, 16.11.2007, lch. 1.
([11]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.
([12]) 대한민국정부 관보 제20151호(iris oifigiúil 20151), 2021.12.21, lch. 47.

(g) Leasaíodh Acht um Cháin ar Dheochanna Meisciúla na Cóiré (Acht Uimh. 8852, 29 Feabhra, 2008) dá dtagraítear i bhForoinn C "Tásca Geografacha". An 1 Eanáir 2021 ionchorpraíodh forálacha sonracha maidir leis na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le táirgeadh agus díolacháin deochanna meisciúla etc.,a shonraítear sa um Cháin ar Dheochanna Meisciúla, san Acht um Cheadúnas Deochanna Meisciúla (aistriúchán neamhoifigiúil/Acht Uimh. 17761, 29 Nollaig, 2020) agus cuireadh i bhfeidhm iad ([13]). Ó mhí Eanáir 2022, cuireadh an tAcht um Cháin ar Dheochanna Meisciúla (Acht Uimh. 18593, 21 Nollaig, 2021) ([14]) agus an tAcht um Cheadúnas Deochanna Meisciúla (Acht Uimh. 18723, 6 Eanáir, 2022) ([15]) araon i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt don Acht um Cháin ar Dheochanna Meisciúla (Acht Uimh. 8852, 29 Feabhra, 2008) sa Chomhaontú a mheas mar thagairt don Acht um Cháin ar Dheochanna Meisciúla (Acht Uimh. 18593, 21 Nollaig, 2021) agus don Acht um Cheadúnas Deochanna Meisciúla (Acht Uimh. 18723, 6 Eanáir, 2022).

(9) Chomhaontaigh na Páirtithe 44 thásc gheografacha an Aontais agus 41 thásc gheografacha na Cóiré a chur isteach in Iarscríbhinní 10-A agus 10-B tríd an bpróiseas seo a leanas:

(a) Le linn an seachtú cruinniú de chuid na Meithle, a reáchtáladh i Súl an 6 Samhain 2019, phléigh na Páirtithe na módúlachtaí chun Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú de bhun Airteagail 10.24 agus 10.25.3 agus chomhaontaigh siad leanúint den phlé sna míonna ina dhiaidh sin, plé a raibh sé d'aidhm aige teacht ar chomhaontú maidir le tásca geografacha nua a chur isteach ag an gcéad Mheitheal eile.

(b) Tar éis iarraidh a fháil ó na Páirtithe agus de bhun Airteagail 10.18.3 agus 10.18.4, agus de bhun Airteagail 10.24 agus 10.25 den Chomhaontú, tá an nós imeachta freasúra agus an scrúdú ar 41 thásc gheografacha na Cóiré curtha i gcrích ag an Aontas. Tá an nós imeachta freasúra agus an scrúdú ar 44 thásc gheografacha an Aontais curtha i gcrích ag an gCóiré.

(10) Chomhaontaigh na Páirtithe trí thásc gheografacha an Aontais agus ceithre thásc gheografacha na Cóiré a bhaint ó Iarscríbhinní 10-A agus 10-B tríd an bpróiseas seo a leanas:

(a) An 25 Deireadh Fómhair 2016 thug an tAontas fógra don Chóiré maidir le scor na cosanta i leith thásc geografach na Spáinne agus d'iarr sé an t-ainm "Pacharán" a bhaint ó Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 10.25.3(b), toisc gur scoir sé de bheith faoi chosaint san Aontas.

(b) Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar thásca geografacha atá faoi chosaint an Aontais sa Chomhaontú agus i bhfianaise Rialachán (AE) 2019/674 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2019 lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach deochanna biotáilleacha ([16]), d'iarr an tAontas i mí na Samhna 2020 an t-ainm "Polish Cherry" a bhaint d'Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 10.25.3(b), toisc gur scoir sé de bheith faoi chosaint san Aontas.

(c) An 15 Márta 2021, thug an Chóiré fógra agus d'iarr sí na tásca geografacha "Muan White Lotus Tea (무안백련차)" agus "Cheongyang Powdered Hot Pepper (청양고춧가루)" a bhaint de liosta thásca geografacha na Cóiré i gCuid B d'Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 10.25.3(b), toisc gur scoir siad de bheith faoi chosaint sa Chóiré.

(d) Tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh, dheimhnigh na Páirtithe, le linn an chruinnithe theicniúil fhíorúil a reáchtáladh an 16 Márta 2021, gur cheart an tásc geografach "Scotch Whisky" a bhaint de na hainmneacha a liostaítear in Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú.

(e) Le linn an naoú cruinniú de chuid na Meithle a reáchtáladh an 8 Nollaig 2021, thug an Chóiré fógra agus d'iarr sí na tásca geografacha "Seosan Garlic (서산마늘)" agus "Yeoju Sweet Potato (여주고구마)" a bhaint de liosta thásca geografacha na Cóiré i gCuid B d'Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 10.25.3(b), toisc gur scoir siad de bheith faoi chosaint sa Chóiré.

([13]) 대한민국정부 관보 제19907호(iris oifigiúil 19907), 2020.12.29, lch. 110.
([14]) 대한민국정부 관보 제20151호(iris oifigiúil 20151), 2021.12.21, lch. 39.
([15]) 대한민국정부 관보 제20163호 별권1(iris oifigiúil 20163, imleabhar 1 ar leith), 2022.1.6, lch. 4
([16]) IO L 114, 30.4.2019, lch. 7.

(11) Chomhaontaigh na Páirtithe na tásca geografacha comhfhreagracha atá cothrom le dáta a chur in ionad ceithre thásc gheografacha de chuid an Aontais in Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú, tásca ar athraíodh a n-ainmneacha, tríd an bpróiseas seo a leanas:

(a) An 13 Iúil 2017 chuir an tAontas in iúl don Chóiré gur tháinig athrú ar ainmneacha ceithre thásc gheografacha a chosnaítear sa Chomhaontú ([17]). Mhol an tAontas na hainmneacha comhfhreagracha agus na tras-scríbhinní comhfhreagracha i liosta thásca geografacha an Aontais a chosnaítear sa Chóiré faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta.

(b) San fhógra céanna, d'iarr an tAontas an tásc geografach "Originali lietuviška degtinė/vodka lituanienne originale", atá beartaithe le cur le hIarscríbhinn 10-B, a athrú go "Originali lietuviška degtinė/Original Lithuanian vodka" (tras-scríbhinn 오리지널 리투아니아 보드카).

(12) De bhun Airteagal 12.2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1 den Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré an 23 Nollaig 2011 ([18]), is féidir leis an gCoiste um Thrádáil cinntí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn, má thagann an dá Pháirtí ar chomhaontú, sa tréimhse idir cruinnithe an Choiste um Thrádáil. Malartú nótaí idir Cathaoirligh an Choiste um Thrádáil a bheadh sa nós imeachta i scríbhinn.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tagairtí do reachtaíocht an Aontais agus na Cóiré i gCaibidil 10, Roinn B, Foroinn C "Tásca Geografacha" fonótaí (51), (53) — (55) i leagan den Chomhaontú a foilsíodh san Aontas nó na fonótaí céanna a bhfuil uimhreacha (2), (4)-(6) orthu i leagan den Chomhaontú a foilsíodh sa Chóiré ([19]), déanfar iad a mheas mar thagairtí don reachtaíocht sin arna leasú nó arna hionadú i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Leasaítear Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú mar a leanas:

(1) na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur faoin liosta comhfhreagrach de thásca geografacha an Bhallstáit lena mbaineann i gCuid A d'Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú;

(2) na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur faoin liosta comhfhreagrach de thásca geografacha na Cóiré i gCuid B d'Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú;

(3) na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur faoin liosta comhfhreagrach de thásca geografacha an Bhallstáit lena mbaineann i Roinn 1 agus Roinn 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú;

(4) na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur faoin liosta comhfhreagrach de thásca geografacha na Cóiré i gCuid B d'Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú;

(5) na tásca geografacha "Pacharán" (An Spáinn), "Polska Wiśniówka/Polish Cherry" (An Pholainn) agus "Scotch Whisky" (An Ríocht Aontaithe) a bhaint de liosta na dtásc geografach i Roinn 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú;

([17]) Athraíodh "Huile essentielle de lavande de Haute-Provence" go "Huile essentielle de lavande de Haute-Provence/Essence de lavande de Haute-Provence". (tras-scríbhinn: 윌 에썽씨엘 드 라벙드 드 오뜨 프로방스 / 에썽스 드 라벙드 드 오뜨 프로방스 (오뜨 프로방스 라벙드 에센스 오일) – athraíodh "Prosciutto di S. Daniele" go "Prosciutto di San Daniele" (fanann an tras-scríbhinn mar an gcéanna) — athraíodh "Jamon de Teruel" go "Jamón de Teruel/Paleta de Teruel" (tras-scríbhinn: 하몬 데 떼루엘 / 빨레따 데 떼루엘) — athraíodh "Jamón de Huelva" go "Jabugo" (tras-scríbhinn: 하부고).

([18]) Cinneadh Uimh. 1 ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré an 23 Nollaig 2011 maidir le rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil a ghlacadh (IO L 58, 1.3.2013, lch. 9).

([19]) 대한민국 관보 제17538호 (그2) (iris oifigiúil 17538, imleabhar 2 ar leith), 2011.6.28, lch. 800.

(6) na tásca geografacha “Seosan Garlic (서산마늘)”, “Muan White Lotus Tea (무안백련차)”, “Cheongyang Powdered Hot Pepper (청양고춧가루)” agus “Yeoju Sweet Potato (여주고구마)” a bhaint de liosta thásca geografacha na Cóiré i gCuid B d’Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú; agus

(7) na tásca geografacha comhfhreagracha a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur in ionad na dtásc geografach ar athraíodh a n-ainmneacha i liosta thásca geografacha an Bhallstáit lena mbaineann i gCuid A d’Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis an dáta a mhalartóidh na Páirtithe fógraí i scríbhinn trí bhealaí taidhleoireachta lena ndeimhnítear go bhfuil a gcuid ceanglas agus nósanna imeachta dlí is infheidhme is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm curtha i gcrích acu.

IARSCRÍBHINN I

Tagairtí do reachtaíocht an Aontais agus na Cóiré i gCaibidil 10, Roinn B, Foroinn C "Tásca Geografacha" fonótaí (51), (53) – (55) i leagan den Chomhaontú a foilsíodh san Aontas nó na fonótaí céanna a bhfuil uimhreacha (2), (4)-(6) orthu i leagan den Chomhaontú a foilsíodh sa Chóiré, déanfar iad a mheas mar thagairtí don reachtaíocht sin arna leasú nó arna hionadú sna bealaí seo a leanas:

(1) I gcás tagairtí do reachtaíocht an Aontais:

(a) Maidir le tagairtí do "Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ón gComhairle", déanfar iad a chur in ionad tagairtí do "Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89";

(b) Cuirfear tagairtí do "Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí" in ionad tagairtí do "Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 ón gComhairle an 20 Márta 2006 maidir le tásca geografacha agus ainmniúcháin tionscnaimh do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair";

(c) Cuirfear tagairtí do "Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach i ndáil le táirgí fíonta cumhraithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle" in ionad tagairtí do "Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle an 10 Meitheamh 1991 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le sainmhíniú, tuairisciú agus cur i láthair ar fhíonta cumhraithe, ar dheochanna bunaithe ar fhíon cumhraithe agus ar mhanglaim táirgí fíonta cumhraithe";

(d) Cuirfear tagairtí do "Rialachán (CE) Uimh. 491/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 lena mbunaítear comheagrú na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i leith táirgí talmhaíochta áirithe (an Rialachán maidir le CEM Aonair)" in ionad tagairtí do "Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagrú mhargadh an fhíona" a aisghaireadh le Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 ón gComhairle an 29 Aibreán 2008 maidir le comheagrú mhargadh an fhíona, lena leasaítear "Rialacháin (CE) Uimh. 1493/1999, (CE) Uimh. 1782/2003, (CE) Uimh. 1290/2005, (CE) Uimh. 3/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2392/86 agus (CE) Uimh. 1493/1999"; agus

(e) Cuirfear tagairtí do "Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle" in ionad tagairtí do "Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i leith táirgí talmhaíochta airithe (an Rialachán maidir le CEM Aonair)".

(2) I gcás tagairtí do reachtaíocht na Cóiré:

(a) Cuirfear tagairtí don Acht um Rialú Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta agus Iascaigh (Acht Uimh. 18599, Nollaig 21, 2021) in ionad tagairtí don Acht um Rialú Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta (Acht Uimh. 9759, 9 Meitheamh, 2009); agus

(b) Cuirfear tagairtí don Acht um Cháin ar Dheochanna Meisciúla (Acht Uimh. 18593, 21 Nollaig, 2021) agus don Acht um Cheadúnas Deochanna Meisciúla (Acht Uimh. 18723, 6 Eanáir, 2022) in ionad tagairtí don Acht um Cháin ar Dheochanna Meisciúla (Acht Uimh. 8852, 29 Feabhra, 2008).

IARSCRÍBHINN II

Cód Tíre	An t-ainm atá le cosaint	Táirge	Tras-scríbhinn go haibítir na Cóiréise
AT	Steirisches Kürbiskernöl	Ola síl puimcín	슈타이리쉐스 퀴르비스케른윌
CY	Λουκούμι Γεροσκήπου / Loukoumi Geroskipou	Milseogra	루꾸미 게로스끼뿌
DE	Hopfen aus der Hallertau	Leannlusanna	할러타우 홉펜
DE	Lübecker Marzipan	Milseogra	뤼베커 마르지판
DE	Nürnberger Lebkuchen	Milseogra	뉘른베르거 렙쿠헨
DE	Schwarzwälder Schinken	Liamhás	슈바르츠벨더 쉰켄
DK	Danablu	Cáis	다나블루
ES	Aceite de Terra Alta/Oli de Terra Alta	Ola olóige	아쎄이떼 데 떼라 알따; 올리 데 떼라 알따
ES	Aceite Monterrubio	Ola olóige	아쎄이떼 몬떼루비오
ES	Estepa	Ola olóige	에스떼빠
ES	Les Garrigues	Ola olóige	레스 가리게스
ES	Sierra de Cazorla	Ola olóige	씨에라 데 까쏘를라
ES	Siurana	Ola olóige	씨우라나
EL	Καλαμάτα / Kalamata ([1])	Ola olóige	칼라마타
EL	Σητεία Λασιθίου Κρήτης / Sitia Lasithiou Kritis	Ola olóige	시티아 라시티우 크리티스
EL	Λακωνία / Lakonia	Ola olóige	라코니아
EL	Γραβιέρα Κρήτης / Graviera Kritis	Cáis	그라비에라 크리티스
EL	Κασέρι / Kasseri	Cáis	카세리
IT	Aceto Balsamico di Modena	Fínéagar	아체토 발사미코 디 모데나
IT	Bresaola della Valtellina	Liamhás	브레사올라 델라 발텔리나
IT	Kiwi Latina	Cíobhaí	키위 라티나
IT	Mela Alto Adige / Südtiroler Apfel	Úll	멜라 알토 아디제; 수드티롤레르 아펠
IT	Toscano	Ola olóige	토스카노
IT	Pecorino Toscano	Cáis	페코리노 토스카노
IT	Salamini italiani alla cacciatora	Salámaí	살라미니 이탈리아니 알라 카차토라
NL	Edam Holland	Cáis	에담 홀란드
NL	Gouda Holland	Cáis	고다 홀란드

([1]) Ní chuirfear cosc, le cosaint an táisc gheografaigh "Kalamata", ar úsáid ainm cineáil planda maidir le hola olóige i gcríoch na Cóiré. Leis an bhfoirmliú sin, ní athraítear ná ní laghdaítear an chosaint a thugtar cheana don tásc geografach cosanta "Elia Kalamatas" leis an gComhaontú.

IARSCRÍBHINN III

An t-ainm atá le cosaint	Táirge	Tras-scríbhinn go haibítir na Cóiréise
천안배 (Cheonan Bae (Pear))	Piorra	Cheonan Bae
나주배 (Naju Bae (Pear))	Piorra	Naju Bae
안성배 (Anseong Bae (Pear))	Piorra	Anseong Bae
고려흑삼제품 (Korean Black Ginseng Product)	Táirge Ginsinge Duibhe	Goryeo Heuksamjepum
예산사과 (Yesan Apple)	Úll	Yesan Sagwa
안성쌀 (Anseong Ssal (Rice))	Rís	Anseong Ssal
영월고춧가루 (Yeongwol Red Pepper Powder)	Púdar Piobar Dearg	Yeongwol Gochutgaru
고려흑삼 (Korean Black Ginseng)	Ginsing Dhubh	Goryeo Heuksam
보성웅치올벼쌀 (Boseong Ungchi Olbyeossal)	Rís	Boseong Ungchi Olbyeossal
김포쌀 (Gimpo Ssal (Rice))	Rís	Gimpo Ssal
진도검정쌀 (Jindo Black Rice)	Rís	Jindo Geomjeong Ssal
군산쌀 (Gunsan Ssal (Rice))	Rís	Gunsan Ssal
영월고추 (Yeongwol Red Pepper)	Piobar Dearg	Yeongwol Gochu
영천포도 (Yeongcheon Grapes)	Fíonchaor	Yeongcheon Podo
무주사과 (Muju Apple)	Úll	Muju Sagwa
삼척마늘 (Samcheok Garlic)	Gairleog	Samcheok Maneul
김천자두 (Gimcheon Jadu (Plum))	Pluma	Gimcheon Jadu
영동포도 (Yeongdong Grapes)	Fíonchao	Yeongdong Podo
문경오미자 (Mungyeong Omija)	Omija	Mungyeong Omija
청도반시 (Cheongdo Seedless Flat Persimmon)	Dátphluma	Cheongdo Bansi
평창산양삼 (PyeongChang Wild-cultivated Ginseng)	Ginsing a saothraíodh go fiáin	PyeongChang Sanyangsam
보은대추 (Boeun Jujube)	Jujobe	Boeun Daechu
충주밤 (Chungju Bam (Chestnut))	Castán	Chungju Bam
가평잣 (Gapyeong Korean Pine nuts)	Cnó péine	Gapyeong Jat
정선곤드레 (Jeongseon Gondre)	Gondre (Feochadán Cóiréach)	Jeongseon Gondre
영동곶감 (Yeongdong Persimmon Dried)	Dátphluma	Yeongdong Gotgam
부여표고 (Buyeo Pyogo (Oak mushroom))	Muisiriún darach	Buyeo Pyogo
완도미역 (Wando Sea mustard)	Mustard mara	Wando Miyeok
완도다시마 (Wando Sea tangle)	Coirleach	Wando Dasima
기장미역 (Gijang sea mustard)	Mustard mara	Gijang Miyeok
기장다시마 (Gijang sea tangle)	Coirleach	Gijang Dasima

An t-ainm atá le cosaint	Táirge	Tras-scríbhinn go haibítir na Cóiréise
완도김 (Wando Laver)	Sleabhac	Wando Gim
장흥김 (Jangheung Laver)	Sleabhac	Jangheung Gim
여수굴 (Yeosu Gul (Yeosu Oyster))	Oisre	Yeosu Gul
고흥미역 (Goheung Dried Sea mustard)	Mustard mara	Goheung Miyeok
고흥다시마 (Goheung Dried Sea tangle)	Coirleach	Goheung Dasima
신안김 (Sinan Gim (Laver))	Sleabhac	Sinan Gim
해남김 (Haenam Gim (Laver))	Sleabhac	Haenam Gim
고흥김 (Goheung Laver)	Sleabhac	Goheung Gim
고흥굴 (Goheung Gul (Oyster))	Oisre	Goheung Gul

IARSCRÍBHINN IV

ROINN 1

FÍONTA DE THIONSCNAMH AN AONTAIS EORPAIGH

Cód Tíre	Ainm Ainmniúcháin	Tras-scríbhinn go haibítir na Cóiréise
CY	Κουμανδαρία (tras-scríbhinn go haibítir na Laidine: Commandaria)	꼬만다리아
DE	Franken	프랑켄
ES	Utiel-Requena	우띠엘 레께나
FR	Pays d'Oc	패이 독 / 뻬이 독
FR	Romanée-Conti	로마네 콘티 / 로마네 꽁띠
FR	Pauillac	포이약 / 뽀이약
FR	Saint-Estèphe	세인트 에스테브 / 쎙 에스테프
IT	Prosecco	프로세코
RO	Cotnari	코트나리
SI	Vipavska dolina	비파브스카 돌리나
SK	Vinohradnícka oblasť Tokaj	비노흐라드니스카 오블라스트 토카이

ROINN 2

DEOCHANNA BIOTÁILLEACHA DE THIONSCNAMH AN AONTAIS EORPAIGH

Cód Tíre	Ainm Ainmniúcháin	Tras-scríbhinn go haibítir na Cóiréise
CY	Ζιβανία / Τζιβανία / Ζιβάνα / Zivania	지바니아
ES	Brandy del Penedés	브란디 델 뻬네데스
EL	Τσίπουρο / Tsipouro	치푸로
IE	Irish Cream	아이리쉬 크림
LT	Originali lietuviška degtinė/Vodca bunaidh na Liotuáine	오리지널 리투아니아 보드카
BE+NL+FR +DE	Genièvre / Jenever / Genever	예네이버/제니버

IARSCRÍBHINN V

An t-ainm atá le cosaint	Tras-scríbhinn go haibítir na Cóiréise
무주머루와인 (Muju Wild Grape Wine)	Muju Meoru Wine

IARSCRÍBHINN VI

AN FHRAINC

Huile essentielle de lavande de Haute-Provence/Essence de lavande de Haute-Provence ([1])	Bláthola labhandair	윌 에썽씨엘 드 라벙드 드 오뜨 프로방스 / 에썽스 드 라벙드 드 오뜨 프로방스 (오뜨 프로방스 라벙드 에센스 오일)

AN IODÁIL

Prosciutto di San Daniele ([2])	Liamhás	프로슈토 디 산 다니엘레(생햄)

AN SPÁINN

Jamón de Teruel/Paleta de Teruel ([3])	Liamhás	하몬 데 떼루엘 / 빨레따 데 떼루엘
Jabugo ([4])	Liamhás	하부고

([1]) Athraíodh “Huile essentielle de lavande de Haute-Provence” go “Huile essentielle de lavande de Haute-Provence/Essence de lavande de Haute-Provence”.
([2]) Athraíodh “Prosciutto di S. Daniele” go “Prosciutto di San Daniele”.
([3]) Athraíodh “Jamon de Teruel” go “Jamón de Teruel/Paleta de Teruel”.
([4]) Athraíodh “Jamón de Huelva” go “Jabugo”